Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10817 - ADVENT / DEM BUSINESS / HPM BUSINESS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 458/08)

1. An 24 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Advent Funds arna bhainistiú ag Advent International Corporation ("AIC", mar aon le Advent Funds dá ngairtear "Advent", na Stáit Aontaithe) agus a chuireann Advent International Corporation comhairle air,

— Gnó ábhar ardfheidhmíochta ("HPM") de chuid Lanxess AG ('Lanxess, an Ghearmáin),

— Gnó ábhar innealtóireachta ("DEM") de chuid Koninklijke DSM N.V. ("DSM", an Ísiltír)

Gheobhaidh Advent rialú aonair ar HPM agus DEM ina n-iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh é Advent atá bunaithe i mBostún, agus é dírithe ar na nithe seo a leanas: (i) bunanna cothromais a fháil (bunanna urlámhais agus neamh-urlámhais araon) i gcuideachtaí ina gcreideann sé go gcuirfeadh instealladh caipitil feabhas ar ionchais fáis na cuideachta amach anseo; agus (ii) bainistiú cistí infheistíochta. Mar infheisteoir cothromais phríobháidigh, tá scaireanna ag Advent in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear na meáin, cumarsáid, teicneolaíocht faisnéise, an t-idirlíon, ceimiceáin, cógaisíocht etc.,

— Bíonn HPM i mbun polaiméirí teirmeaplaisteacha a mhonarú, a dhíol agus a mhargú, agus idirmheánacha teirmeaplaisteacha a mhonarú, a dhíol agus a mhargú ar idirmheánacha iad atá riachtanach chun polaiméirí den sórt sin a tháirgeadh, i.e. plaistigh innealtóireachta polaimíd-bhunaithe, plaistigh innealtóireachta atá bunaithe ar theireataláit pholabúitiléine, agus comhchodaigh theirmeaplaisteacha leanúnacha atá treisithe ag snáithíní; ar gnó é sin a dhéanann grúpa cuideachtaí faoi láthair, ar fochuideachtaí agus rannpháirtíochtaí iad uile atá faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag Lanxess. Tá deich láithreán déantúsaíochta ag HPM ar fud an domhain i gcúig thír,

— Is éard atá i DSM: (i) na heintitis DSM Engineering Materials B.V., DSM Engineering Materials International B.V. agus DSM Engineering Materials, Inc.; (ii) a bhfochuideachtaí; agus (iii) gníomhaíochtaí gaolmhara agus cearta maoine intleachtúla. Déanann DEM teirmeaplaistigh a fhorbairt, a thairgeadh agus a sholáthar ar fud an domhain, ag tairiscint raon leathan polaiméirí, lena n-áirítear polaimídí, poileistir agus suilfídí polaifeiniléine, do raon leathan tionscal. Tá deich láithreán déantúsaíochta ag DEM ar fud an domhain i gcúig thír.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10817 - ADVENT / DEM BUSINESS / HPM BUSINESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË